



*Sábháilteacht
Idirlín: Polasaí
um Úsáid
Inghlactha*

Sábháilteacht Idirlín: Polasaí um Úsáid Inghlactha

Ainm na Scoile: Gaelscoil Sáirséal

Seoladh: Sráid an Droichid
Luimneach

Is í aidhm an Pholasaí um Úsáid Inghlactha (PUI) seo ná a chinntiú go rachaidh na deiseanna foghlama atá á dtairisicnt ag acmhainní idirlín na scoile chun sochar na ndaltaí ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Meastar gur acmhainn agus pribhléid scoile iad a úsáid agus rochtain idirlín. Dá bhrí sin, mura gcloítear leis an PUI, tarraingeofar siar an phribhléid seo agus cuirfear i bhfeidhm na pionóis chuí - mar ata leagtha amach sa PUI.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh na hionadaithe scoile, ionadaithe na dtuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an PUI ar bhonn bliantúil. Sula sínítear é, ba chóir an PUI a léamh go cúramach chun a chinntiú go dtuigtear na coinníollacha úsáide agus go nglactar leo.

Cruthaíodh an leagan seo den PUI i mí Bealtaine 2012 ag Coiste Teicneolaíochta na scoile - Laura Nic Eoin, Ríona Uí Cheallaigh, Nicola Nic Fheorais agus Katie Ní Dhubhlaing

Straitéis na Scoile

Baineann an scoil úsáid as straitéisí áirithe chun an leas is fearr a bhaint as na deiseanna foghlama agus chun na baoil a bhaineann leis an idirlín a laghdú. Is iad seo a leanas na straitéisí seo:

Ginearálta

- Beidh múinteoir i gcónaí ag déanamh maoirseachta ar na seisiúin idirlín.
- Bainfear úsáid as bogearraí scagtha nó as córais choibhéiseacha chun a chinntiú gur beag an baol a bheidh ann go dtiocfar ar ábhair neamhoiriúnacha.
- Déanfaidh an socil monatóireacht rialta ar úsáid an idirlín.
- Cuirfear oiliúnt ar fáil do dhaltaí i réimse sábháilteacht ar an idirlín tríd an gCuraclam OSPS agus ceachtanna cuí ó <http://www.webwise.ie>.
- Ní cheadófar cóipeáil aníos ná anuas de bhogearraí nach bhfuil faomhaithe.
- Bainfear úsáid as bogearraí a chosnaíonn an ríomhaire ó víris agus déanfar iad a nuashonrú go rialta.
- Níl cead ag daltaí meáin stórála dhigiteacha a úsáid.
- Beidh meas ag daltaí ar a chéile i gcónaí agus ní bhainfidh siad úsáid as an dteicneolaíocht ar scoil chun caitheamh anuas a dhéanamh ar éinne.
- Ní thabharfaidh na daltaí faoi ghníomh ar bith a tharraingeoidh droch cháil ar ainm na scoile

An Gréasán Domhanda

- Tabharfaidh daltaí cuairt ar láithreáin idirlín roghnaithe nó ceadaithe ag an múinteoir amháin.
- Ní bheidh cead ag daltaí cuardach idirlín d’aon saghas a dhéanamh.
- Cuirfidh an scoil liosta de suíomhanna oiriúnacha ar fáil do ghach múinteoir. Is féidir cur leis agus tógaint ón liosta seo aon am trí teagmháil a dhéanamh le coiste teicneolaíochta na scoile.
- Ní thabharfaidh daltaí cuairt d’aon ghnó ar láithreáin idirlín ar a bhfuil ábhar gáirsiúil, mídhleathach, gráiniúil nó ábhar míshásúil eile.
- Ag teacht le nósanna imeachta na scoile, tabharfaidh daltaí tuairisc don scoil má thagann siad ar ábhar neamhoiriúnach de thaisme.
- Úsáidfidh na daltaí an t-idirlín chun críche oideachais amháin.
- Ní dhéanfaidh daltaí eolas a chóipeáil le haghaidh tascanna gan aitheantas a thabhairt don fhoinsé (bradaíl agus sárú cóipchirt).
- Ní nochtfaidh daltaí faisnéis phearsanta ná ní dhéanfaidh siad faisnéis phearsanta a phoibliú riamh.
- Bainfear úsáid as leasainmneacha nó cinn litreacha má fhoilsítear obair na ndaltaí ar láithreáin gréasáin nach ceann na scoile iad. (m.sh <http://www.storybird.com>)
- Is sárú díreach ar pholasaí um úsáid inghlactha na scoile é ábhair a chóipeáil anuas nó íomhánna nach mbaineann lena gcúrsa staidéir ag na daltaí.
- Beidh fhios ag na daltaí go bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an idirlín, lena n-áirítear faisnéis a dháileadh nó a fháil, chun súil a choimeád ar ghníomhaíocht neamghnách nó ar chúiseanna a bhaineann le slándáil agus le bainistíocht líonra.

Ríomhphost

- Ní bhainfidh daltaí úsáid as córas ríomhphost pearsanta d’aon saghas ar scoil.
- Ní dhéanfaidh aon dalta teagmháil le haon mhúinteoir tríd an gcóras ríomhphost.
- Beidh seoladh ríomhphost ranga ann chun cumarsáid leictreonach a dhéanamh mar shampla, cairde pinn i scoil eile. Beidh an pasfhocal ag an múinteoir amháin

Comhrá Idirlín

- Ní bheidh rochtain ag daltaí ar sheomraí comhrá, fóraim phlé, cuir teachtaireachtaí agus fóram cumarsáide leictreonaí

Web 2.0

Baineann an scoil úsáid as teicneolaíochtaí nua-aimseartha ar nós Wordpress, Google, Vimeo, Audioboo agus Twitter chun cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh le pobal na scoile. Tugaimid túsáite do shábháilteacht idirlín agus iarraimid ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí na rialacha seo a leanas a leanúint:

- Bí cinnte go mbíonn teachtaireachtaí, tweets agus nótaí tráchta measúil i

gcónaí

- Ná lipéadaigh grianghrafanna ná ábhar eile a aithneodh an scoil nó daltaí
- Ná cuir grianghrafanna de dhaltaí scoile ar shuíomhanna gréasáin sóisialta (Facebook, Bebo & r1) gan cead a fháil óna dtuismitheoirí roimh ré.
- Ná iarr ar mhúinteoir de chuid na scoile bheith mar “chara” leat ar shuíomhanna gréasáin sóisialta (Facebook & r1). B’fhearr leis na múinteoirí a saolta pearsanta a choimeád príobháideach.

Láithreán Gréasáin na Scoile - www.gaelcoilsairseal.scoilnet.ie

- Beidh deis ag daltaí a gcuid tionscadail, obair ealaíona agus scríbhneoireachta a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin scoile. Is iad an Coiste Teicneolaíochta na scoile a chuirfidh an obair seo ar an suíomh le cead an mhúinteora.
- Déanfar an láithreán gréasáin a sheiceáil go rialta chun a chinntiú nach bhfuil ábhar air a chuirfeadh sábháilteacht na mac léinn nó na foirne i mbaol.
- Beidh obair na ndaltaí le feiceáil i gcomhthéacs oideachais ar leathanaigh ghréasáin i dteannta le fógra cóipchirt a thoirmiscfidh cóipeáil na oibre sin gan cead sainiúil scríofa.
- Déanfaidh an scoil iarracht úsáid a bhaint as grianghraif dhigiteacha agus as sleachta fuaimne nó físe a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa. Ní fhoilseofar ábhair a dhíríonn ar dhaltaí faoi leith ar láithreán gréasáin na scoile gan cead ó na tuismitheoirí.
- Beidh faisnéis phearsanta na ndaltaí, lena n-áirítear an seoladh baile agus sonraí teagmhála, fágtha ar lár ó leathanaigh ghréasáin na scoile.
- Ní fhoilseoidh láithreán gréasáin na scoile céad ainm ná sloinne na ndaoine atá i ngrianghraf.
- Cinnteoidh an scoil go bhfuil ainmneacha cuí ar na comhaid íomhá. Ní úsáidfear ainmneacha na ndaltaí in ainmneacha na gcomhad íomhá ná i gclibeanna ALT má tá siad le foilsiú ar-líne.
- Is ag na daltaí a bheidh cóipcheart obair ar bith a fhoilsítear.

Feistí Pearsanta

Is sárú díreach ar pholasaí um úsáid inghlactha na scoile é daltaí a bheith ag úsáid a gcuid teicneolaíochta féin (gutháin phóca, aon saghas DS nó aon gairis chun cluichí ríomhaireachta a imirt) ar scoil, mar shampla má fhágtar guthán póca ar siúl nó má úsáidtear sa rang é, má sheoltar teachtaireachtaí téacs, nó má ghlactar pictiúir le ceamara ar ghuthán phóca gan cead.

Reachtaíocht

Cuirfidh an scoil faisnéis ar fáil faoin reachtaíocht seo a leanas a bhaineann le húsáid an Idirlín. Ba chóir do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí iad féin a chur ar an eolas faoin reachtaíocht seo:

- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003

- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998
- An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáid a Thrascradh (Rialachán), 1993.
- An tAcht um Fhístaifeadtaí 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988

Córas Tacaíochta

Cuirfidh an scoil na daltaí agus na tuismitheoirí ar an eolas faoi na príomhstructúir agus príomheagraíochtaí tacaíochta a phléann le hábhar mídhleathach nó le húsáid dhochrach an idirlín.

Pionóis

D'fhéadfadh gníomh araíonachta, lena n-áirítear rabhaidh i scríbhinn, tarraingt siar pribhléidí rochtana agus i gcásanna tromchúiseacha, fionraíocht nó díbirt, bheith mar thoradh ar mhí-úsáid an idirlín. Tá sé de cheart ag an scoil tuairisc a thabhairt do na húdaráis chuí maidir le gníomhaíocht mhídhleathach ar bith.

Teimpléad don Fhoirm Cheada

Déan athbhreithniú le do thoil ar Pholasaí um Úsáid Inghlactha an Idirlín a bhaineann leis an scoil agus atá faoi iamh leis seo. Síniú agus cuir ar ais an fhoirm cheada seo chuig an bPríomhoide.

Gaelscoil Sáirséal

Ainm an Dalta: _____

Rang: _____

Dalta

Táim sásta glacadh le Polasaí um Úsáid Inghlactha na scoile i dtaobh úsáid an Idirlín. Bainfidh mé leas as an Idirlíon ar bhealach freagrach agus déanfaidh mé de réir na rialacha a mhínigh an scoil dom.

Síniú an Dalta: _____ **Dáta:**

Tuismitheoir/Caomhnóir

Tá an Polasaí um Úsáid Inghlactha léite agam, tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil an dalta thuas, agus tugaim cead do mo mhac/m'ínion nó don leanbh atá faoi mo chúram an tIdirlíon a úsáid. Tuigim gur chun críche oideachais atá rochtain ar an Idirlíon dírithe. Tuigim freisin go bhfuil gach réamhchúram réasúnach glactha ag an scoil chun foráil a dhéanamh do shábháilteacht ar-líne ach nach mbeidh an scoil freagrach as má thagann na mic léinn ar láithreáin ghréasáin neamhoiriúnacha.

Glacaim leis an alt thuas **Ní ghlacaim leis an alt thuas**

(Ticeáil de réir mar is cuí)

Maidir le láithreán gréasáin na scoile, glacaim leis, má mheasann an scoil é a bheith oiriúnach, go bhféadfaí obair scoile mo linbh a roghnú le cur suas ar an láithreán gréasáin. Tuigim téarmaí an Pholasaí um Úsáid Inghlactha maidir le hobair daltaí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na scoile agus glacaim leis na téarmaí seo.

Glacaim leis an alt thuas **Ní ghlacaim leis an alt thuas**

(Ticeáil de réir mar is cuí)

Síniú: _____ Dáta: _____

Seoladh: _____ Teileafón: _____

Litir Shamplach chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí

A Thuismitheoir nó a Chaomhnóir, a chara,

Maidir le: Foirm Cheada don Idirlíon

Mar chuid de chlár oideachais na scoile, tá rochtain mhaoirsithe ar an Idirlíon á tairiscint againn do na daltaí. Tugann sé seo deis do dhaltaí rochtain a fháil ar réimse mór d'acmhainní oideachais ar-líne agus creidimid go gcuirfidh sé seo go mór le taithí foghlama na mac léinn.

Bíonn freagrachtaí ar an úsáideoir agus ar an scoil agus an tIdirlíon á úsáid, áfach. Leagtar amach na freagrachtaí seo i bPolasaí um Úsáid Inghlactha na scoile (faoi iamh). Tá sé tábhachtach go léifear go cúramach an cháipéis iniata seo agus go síneoidh tuismitheoir nó caomhnóir í agus í a chur ar ais chuig an scoil.

Cé go mbíonn an scoil gníomhach in úsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, aithníonn sí go bhfuil an fhéidearthacht ann go dtiocfaidh mic léinn ar ábhar neamhoiriúnach nó drochábhar trí thimpiste nó d'aon ghnó.

Tuigeann an scoil go mbeidh sé de cheart ag gach clann cinneadh a dhéanamh cé acu ceadú dá leanaí an tIdirlíon a úsáid de réir mar atá leagtha amach i bPolasaí um Úsáid Inghlactha na scoile nó gan cheadú dóibh.

Agus téarmaí an Pholasaí um Úsáid Inghlactha léite agat, b'fhéidir gur mhian leat machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a úsáidtear an tIdirlíon i do theaghlach féin. B'fhéidir go bhfuil bealach ann go bhféadfá é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin. Féach ar suíomh na scoile le haghaidh nodanna agus moltaí:

<http://gaelscoilsairseal.scoilnet.ie/blog/scoildigiteach/sabhailteacht-safety/>

Le dea-mhéin

Seicliosta don PUI

Caithfear an PUI a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta go rialta. Bainfear úsáid as an seicliosta seo a leanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an PUI.

1. Ar nochtadh aon shaincheisteanna ó cuireadh an PUI i bhfeidhm nó ó deineadh athbhreithniú air?
2. Ar pléadh na saincheisteanna seo le tuismitheoirí, daltaí agus múinteoirí agus ar cuireadh iad mar chuid den PUI nuashonraithe?
3. Toisc go bhfuil AUP i bhfeidhm, an féidir leis an scoil tabhairt faoi na cásanna seo a leanas go muiníneach?
 - Beirtear ar dhalta ag baint úsáide as seomra comhrá chun cruinniú aghaidh-ar-aghaidh a eagrú le cara.
 - Baineann an scoil úsáid as bhogearra scagaidh ach tagann dalta ar shuíomh ghréasáin pornagrafach fad is atá siad faoi do chúram.
 - Foilsíonn dalta eolas clúmhillteach faoi phiara ar shuíomh ghréasáin pearsanta.
4. An bhfuil tionchar dearfach ag an PUI ar chur i bhfeidhm an churaclam?
5. Ar deineadh measúnú inmheánach nó seachtrach agus an PUI á chur le chéile nó a athbhreithniú?
6. Ar phléigh an scoil úsáid an Idirlín le tuismitheoirí agus caomhnóirí?
7. An úsáidtear an PUI sa bhaile mar chód d'úsáid cuí an idirlín?
8. An bhfuil cómhrá oscailte idir múinteoirí agus páistí faoi dhrochúsáid an Idirlín agus sábháilteacht ar líne?
9. An bhfuil traenáil cuí curtha ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí na scoile?